# Oibríochtaí agus An Uimhirmheá

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - uimhreacha a aithint agus a thuiscint<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht* |
| **Scileanna Forbartha** | • roinnt nodaireachta mhatamaitice a úsáid<br>• straitéisí cuntais a úsáid agus gníomhaíochtaí ar siúl<br>• teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | cothrom, mar an gcéanna, 2 thaobh, coibhéis, cothromaíocht, fíor, bréagach, uimhir ar iarraidh |
| **Áiseanna** | Uirlis Uimhirmheá Mol Mata, cláir bhána, marcóir, spléach-chártaí |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeáin an uimhirmheá do na daltaí. Gabh siar ar cad é atá i gceist le huimhirmheá agus ar an choincheap de chothroime ón Ghníomhaíocht 'An bhfuil sé cothromaithe?' Cuir uimhir ar thaobh amháin den uimhirmheá agus iarr ar na daltaí na huimhreacha a thig leo a úsáid leis an uimhirmheá a chothromú a fhiosrú. Taispeánann na daltaí a gcuid réiteach ar an uimhirmheá agus tarraingíonn siad pictiúr den réiteach. Léiríonn an múinteoir an dóigh le siombailí agus frámaí a úsáid leis an réiteach a thaifeadadh.
E.g. 4 =_ + _

### 2 Gníomhaíocht 2

Aimsigh an uimhir atá ar iarraidh.
D'aimsigh Mol Mata bosca cothromóidí (spléach-chártaí) ina bhfuil uimhreacha ar iarraidh. Úsáideann na daltaí an uimhirmheá le cuidiú le Mol Mata an uimhir atá ar iarraidh a oibriú amach.
2+_=3
3+_=5
2+_=4
Úsáideann na daltaí an Uirlis Uimhirmheá Mol Mata lena réiteach a roinnt.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cluiche Fíor nó Bréagach:
Taispeáin cothromóidí ceann i ndiaidh a chéile ar spléach-chártaí/ ar chlár bán do na daltaí. Iarr orthu siombail ordóg in airde/ordóg síos lena chur in iúl go bhfuil an chothromóid fíor nó bréagach. Úsáideann na daltaí uimhirmheá lena seiceáil.
Samplaí: 5 = 3 agus 2
3 = 2 agus 1
3=4
5=5
4=2+2

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad chuige a bhfuil sé seo fíor?<br>• Cad chuige a bhfuil sé seo bréagach?<br>• Cén uimhir atá ar iarraidh? | • Cad é mar atá a fhios againn go bhfuil/nach bhfuil an dhá thaobh cothromaithe?<br>• Cad é mar a chinn tú d'uimhreacha?<br>• Cad chuige ar chinn tú gan uimhreacha níos mó/níos lú a roghnú? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Méadaigh na luachanna de réir mar is cuí.